



Coimisiún
na Meán

Cáipéis Chomhairliúcháin: Ordú Tobhaigh 2026

Dáta foilsithe: An 3 Meán Fómhair 2025

Spríodhata le haghaidh freagartha: An 1 Deireadh Fómhair
2025

Tá comhairliúchán sa doiciméad seo maidir le:

An tOrdú Tobhaigh beartaithe i
leith na tréimhse tobhaigh ón
1 Eanáir 2026 go dtí an
31 Nollaig 2026.

Séanadh Dlíthiúil

Maidir leis na tograí atá sa cháipéis chomhairliúcháin seo níor cheart iad a léamh mar ní lena léirítear nó lena sonraítear seasamh deiridh Choimisiún na Meán maidir le haon cheann de na cúrsaí atá ina n-ábhar do chomhairliúchán. Tabhair faoi deara go mbeidh aon tuairimí maidir le léirmhíniú reachtaíochta nó oibleagáidí Choimisiún na Meán de chineál sealadach agus neamhcheangailteach agus nár cheart iad a léamh mar thuairimí lena léirítear seasamh deiridh Choimisiún na Meán. Déan tagairt do na forálacha reachtacha bunúsacha le haghaidh ráiteas ar an dlí sa réimse seo.



Clár

1.	Réamhrá agus Cúlra	4
2.	Cuspóir an chomhairliúcháin	5
2.1	An tréimhse chomhairliúcháin agus conas freagra a thabhairt	6
3.	Tosca a Dhéanann Eolas do Ríomh Tobhaigh do Thréimhse Thobhaigh 2026	6
4.	Samhail Tobhaigh 2026	7
4.1	An líon tobhach	7
4.2	Cúrsaí Ginearálta a Bhaineann leis an Tobhach	8
4.2.1	Raon geografach na méadrachta	8
4.2.2	Tréimhse ama na méadrachta	8
4.2.3	Soláthraithe seirbhísí iomadúla	8
4.2.4	Diolúintí de minimus	9
4.2.5	Tobhach ar chraoltóirí teilifíse	9
4.2.6	Airteagal 27 d'Ordú Tobhaigh – Athbhreithniú	9
5.	Fadhbanna Comhairliúcháin	10
5.1	Tobhaigh Theilifíse agus Físeán ar Éileamh	10
5.2	Liosta Beo na Soláthraithe Seirbhísí Idirghabhálacha	11
5.3	AMARS – Úsáideoirí atá Logáilte isteach agus Logáilte amach	12
5.4	Teanga na sceideal a ailíniú le hAlt 21 den Acht	13
5.5	Próiseas Dearbhaithe Tobhaigh	13
6.	Úsáid faisnéise	14
6.1	Sonraí pearsanta	14
6.2	Faisnéis rúnda	15
6.3	Saoráil faisnéise	15



1. Réamhrá agus Cúlra

Anuas ar alt 21 den Acht Craolacháin 2009, arna leasú (“an tAcht”), tá sé de chumhacht ag Coimisiún na Meán (“An Coimisiún”) ordú tobhaigh a chur i bhfeidhm ar sholáthraithe catagóirí seirbhíse eile, ina measc: -

- Soláthraithe seirbhísí meán closamhairc, lena n-áirítear craoltóirí teilifíse, soláthraithe seirbhísí meán closamhairc a bhfuil conradh acu faoi alt 71 den Acht agus soláthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh,
- Soláthraithe seirbhísí meán closamhairc, lena n-áirítear seirbhísí craolacháin fuaime a bhfuil conarthaí acu faoi alt 71 den Acht,
- Soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne; lena n-áirítear seirbhísí comhroinnt físeáin,
- Soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, agus
- Soláthraithe seirbhísí óstála.

(gach ceann díobh ina “seirbhís inghearrtha” agus tugtar na “seirbhísí inghearrtha” orthu le chéile).

I gcomhréir le hAlt 21(4) den Acht, ní mór don Choimisiún féachaint lena chinntiú go bhfuil an t-ioncam tobhaigh leordhóthanach chun an caiteachas a thabhaigh sé go hiomchuí agus a riachtanais chaipitil oibre don tréimhse thobhaigh iomchuí a íoc a mhéid nach gcomhlíontar an caiteachas agus na riachtanais sin ar aon bhealach eile.

I gcomhréir le hAlt 21(5) den Acht, ní mór don Choimisiún an méid iomlán atá le gnóthú ag an tobhach i measc soláthraithe catagóirí seirbhísí éagsúla a chionroinnt i gcomhréir leis na speansais lena bhfuiltear ag súil a bheith i gceist le feidhmeanna glanta a bhaineann le gach catagóir seirbhíse.

Nuair a chuireann soláthraí seirbhísí ar fáil i gceann amháin nó níos mó de na catagóirí seirbhísí a liostaítear thuas, beidh an soláthraí faoi dhliteanas i leith tobhach eile a íoc i ndáil le gach catagóir seirbhísí a chuireann sé/sí ar fáil.

Tá speansais mhóra agus riachtanais mhóra chaipitil oibre ag an gCoimisiún a bhaineann lena chuid feidhmeanna forbartha meán. Maoinítear iad siúd le maoiniú státchiste agus maoiniú ón gCiste Craolacháin. Dá réir sin, fágтар iad ar lár ó na méideanna a mhaoinítear ag tobhaigh.

[I.R. Uimh. 698/2024](#) (“Ordú Tobhaigh 2025”) cuirtear tobhach i bhfeidhm ar sholáthraithe i ndáil leis an tréimhse thobhaigh ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025. Tá ordú tobhaigh nua de dhíth chun tobhaigh a chur i bhfeidhm a mhaoineoidh speansais agus riachtanais chaipitil oibre an Choimisiúin do 2026 (“Ordú Tobhaigh 2026”) a mhéid is féidir nach maoinítear iad ar aon bhealach eile.¹

¹ Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le cur chun feidhme Ordú Tobhaigh 2025, féach ar Threoir Thobhaigh an Choimisiúin, ar féidir rochtain a fháil uirthi anseo: -

<https://www.cnam.ie/app/uploads/2025/03/2025.01.06-2025-Levy-Guide-Final.pdf>. Is féidir rochtain a fháil



Tá sé beartaithe go ngearrfaidh an t-ordú tobhaigh i ndáil leis an tréimhse thobhaigh ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 (“Ordú Tobhaigh 2026”) tobhaigh don bhliain féilire 2026 ach amháin ós rud é go bhfuil raon athruithe reachtaíochta atá ar leibhéal éagsúla forbartha a d’fhéadfadh go mbronnadh siad feidhmeanna breise ar an gCoimisiún, leis an bhféidearthacht go ndéanfar athruithe ar na forálacha reachtúla a bhaineann le tobhaigh do 2027 agus níos faide chun cinn.

Tá an Coimisiún ag súil le go rachfar i mbun comhairliúcháin maidir le hordú tobhaigh 2027 le linn 2026 nuair a bheidh na cúrsaí sin níos soiléire dá bharr sin.

Bíonn orduithe tobhaigh ó Choimisiún na Meán ann in aice leis an ordú tobhaigh a cuireadh i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT). Ainmníodh CICT, de bhun Airteagal 49, mar an t-údarás inniúil chun críche Airteagal 30, 31 agus 32 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha,² a bhaineann le háiteanna margaidh ar líne. Chun a chuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú mar údarás inniúil, forálann an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha 2024 do CICT tobhach a ghearradh ar sholáthraithe ardáin ar líne do thomhaltóirí atá ábhartha. Foilseoidh CICT a chomhairliúchán poiblí féin maidir lena chur chuige tobhaigh a moladh don Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an t-ordú tobhaigh atá beartaithe chun tobhach Gnímh um Sheirbhísí Digiteacha a chur i bhfeidhm do 2026. Molann an Coimisiún do pháirtithe leasmhara agus do pháirtithe eile a bhfuil spéis acu páirt a ghlacadh freisin ina gcomhairliúchán.

2. Cuspóir an chomhairliúcháin

Iarrtar barúlacha leis an gcáipéis chomhairliúchán (seo “an Comhairliúchán”) maidir le tograí an Choimisiúin le haghaidh Ordú Tobhaigh 2026, a chuirfear i bhfeidhm i ndáil leis an tréimhse thobhaigh ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 (“Tréimhse Thobhaigh 2026”).

Is é cuspóir an Chomhairliúcháin seo athruithe a mholann an Coimisiún ar an gcur chuige a glacadh leis in Ordú Tobhaigh 2025 a chur in iúl agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara i ndáil leis na hathruithe sin a iarraidh.

Ba cheart go dtabharfadh freagróirí faoi deara nár cheart go smaointeofaí ar thuairim ar bith a chuirtear in iúl sa Chomhairliúchán seo mar fhasach le haghaidh tuairimí a d’fhéadfaí a ghlacadh i ndáil leis an mbreithniú a dhéanfar ar ordú tobhaigh ar bith ina dhiaidh sin.

ar fhaisnéis faoin gcomhairliúchán poiblí a rinneadh in 2024 do Thréimhse Thobhaigh 2025 [anseo](#) agus is féidir rochtain a fháil ar fhreagra an Choimisiúin ar an gcomhairliúchán [anseo](#).

² Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).



2.1 An tréimhse chomhairliúcháin agus conas freagra a thabhairt

Cuireann an Coimisiún fáilte roimh ionchur ó pháirtithe leasmhara maidir leis na cuir chuige bheartaithe atá le glacadh le haghaidh Ordú Tobhaigh 2026. Maidir le páirtithe leasmhara a thacaíonn nó a easaontaíonn le haon ghné de thograí an Choimisiúin, iarrtar orthu na cúiseanna atá lena dtuairimí a leagan amach go soiléir, ag féachaint don réasúnaíocht d'aon athrú molta lena n-áirítear na tosca agus na critéir a leagtar amach sa Chomhairliúchán seo chomh maith le haon chúrsa eile a mheasann páirtithe leasmhara a bheith ábhartha.

Ní mór gach freagra ar an gComhairliúchán seo a chur isteach i scríbhinn faoin **1 Deireadh Fómhair** chuig **LevyConsultation@cnam.ie** nó tríd an bpost chuig Comhairliúchán Tobhaigh, Coimisiún na Meán, 1 Áras Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04NP20. Ba cheart go n-úsáidfí na sonraí teagmhála sin le haghaidh aon cheisteanna i leith an Chomhairliúcháin seo.

Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar gach freagra a fhaightear ar nó faoin 1 Deireadh Fómhair 2025 agus leagfar amach cinntí an Choimisiúin i ndáil le tograí éagsúla (de réir mar a leagtar amach sa Chomhairliúchán seo nó mar a cuireadh isteach ag páirtithe leasmhara) mar Fhreagra ar Chomhairliúchán roimh dheireadh 2025. Cé go mbreithneofar na haighneachtaí ar fad ina n-iomláine, ar deireadh, is faoin gCoimisiún atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le forálacha an ordaithe tobhaigh atá le cur chun feidhme do Thréimhse Thobhaigh 2026.

3. Tosca a Dhéanann Eolas do Ríomh Tobhaigh do Thréimhse Thobhaigh 2026

Le hAlt 21(5) den Acht ceanglaítear go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas agus méid tobhaigh á ríomh i leith seirbhíse inghearrtha: -

- breithneoidh sé a speansais sa tréimhse sin le linn feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil leis an tseirbhís inghearrtha sin, mar chion dá speansais sa tréimhse sin le linn feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le gach seirbhís inghearrtha, agus
- féachfaidh sé lena áirithiú go seasann an méid iomlán a fhorchuirtear ar sheirbhís inghearrtha i leith na tréimhse sin do chion comhfhreagrach den mhéid iomlán a fhorchuirtear ar mhodh tobhaigh i leith na tréimhse sin.

Le hAlt 21(9) den Acht ceanglaítear, agus foráil á déanamh le hordú tobhaigh maidir le modh ríofa tobhaigh agus maidir le haon díolúine nó iarchur, go mbreithneoidh an Coimisiún ábharthacht na dtosca seo a leanas: -

- a) maoiniú soláthraí, lena n-áirítear aon mhaoiniú poiblí,
- b) a inmhianaithe atá sé seirbhísí nua nó nuálacha a chur chun cinn,
- c) cineál agus scála na seirbhísí arna soláthar ag soláthraí,



- d) aon toisc eile lena bhféadfar difear a dhéanamh do chomhlíonadh feidhmeanna arna dhéanamh ag an gCoimisiún i ndáil le soláthraí, lena n-áirítear, i gcás seirbhísí ainmnithe ar líne, ábhair dá dtagraítear in ailt 139E(3)(d), (e) agus (f) den Acht, agus
- e) aon toisc eile lena bhféadfar difear a dhéanamh do chomhlíonadh feidhmeanna arna dhéanamh ag an gCoimisiún i ndáil le soláthraí seirbhíse idirghabhálaí lena n-áirítear má ainmníodh an soláthraí sin mar ardán an-mhór ar líne (VLOP) nó mar inneall cuardaigh an-mhór ar líne (VLOSE) faoi Airteagal 33 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus má gearradh an táille mhaoriseachta bhliantúil air faoi Airteagal 43 den Ghníomh sin.

Ina theannta sin, measann an Coimisiún go bhfuil na tosca seo a leanas ábhartha agus ordú tobhaigh á dhéanamh do 2026: -

- comhréireacht leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige,
- intuarthacht,
- simplíocht agus éifeachtúlacht costais sa riarachán, agus
- leanúnachas rialála.

Tá na tosca sin comhionann leo sin a breithníodh agus Ordú Tobhaigh 2025 á fhorbairt, cé is moite go bhfuil tagair déanta againn do na “feidhmeanna” seachas “feidhmeanna rialála”, téarma nach sainítear san Acht, ionas go n-aillíneofar níos beaichte le halt 21(5) den Acht.

I gcás nach ndearnadh aon athrú ar mheasúnú an Choimisiúin ar ábharthacht na dtosca i dtaca lena bhreithniú roimhe sin, leis an gComhairliúchán seo ní dhéantar ach tagairt don chinneadh roimhe sin gan an measúnú a athinsint go mion. Tá tuilleadh faisnéise maidir le cinnteoireacht an Choimisiúin de réir mar a bhaineann sé le hOrduithe Tobhaigh roimhe seo ar fáil ar ár suíomh gréasáin – <https://cnam.ie>.

4. Samhail Tobhaigh 2026

4.1 An líon tobhach

Molann an Coimisiún na seacht dtobhach ar leith atá san áireamh leis an Ordú Tobhaigh 2025 a choinneáil chun críche na Tréimhse Tobhaigh 2026, ag tabhairt aghaidh ar an méid seo a leanas: -

- I. Seirbhísí craolacháin closamhairc / craoltóirí teilifíse,
- II. Alt 71 Conraitheoirí,
- III. Craoltóirí raidió/fuaime,
- IV. Soláthraithe físeán ar éileamh,
- V. Seirbhísí ainmnithe ar líne, lena n-áirítear Ardáin Comhroinnte Físeán (VSPanna),
- VI. Soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí, agus
- VII. Soláthraithe seirbhísí óstála.



4.2 Cúrsaí Ginearálta a Bhaineann leis an Tobhach

Mar aon leis an gcur chuige ar leith a ghlactar chun tobhach a ghearradh ar na soláthraithe a leagtar amach thuas, molann an Coimisiún na gnéithe seo a leanas d'Ordú Tobhaigh 2025 a choinneáil do Thréimhse Tobhaigh 2026.³

4.2.1 Raon geografach na méadrachta

Tá scóip gheografach na méadrachta atá ag soláthraithe maidir le hIoncam Cáilitheach agus Meánfhaighteoirí Gníomhacha Míosúla na Seirbhíse (**AMARS**) dírithe ar chúrsaí intíre agus ar fud an AE araon ag brath ar an tseirbhís inghearrtha áirithe chomh maith leis an mbunús gurb é an Coimisiún an rialálaí tíre tionscnaimh do sheirbhísí inghearrtha i ndáil le gach faighteoir seirbhíse ar fud an AE. Mar shampla, tá feidhmeanna intíre ag an gCoimisiún i ndáil le Craoltóireacht Teilifíse agus Fuaime, cé go dtagann a chuid feidhmeanna ar fud an AE ón Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, ón nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus ón Rialachán Ábhair Sceimhlitheoireachta ar Líne.

4.2.2 Tréimhse ama na méadrachta

Maidir le hOrdú Tobhaigh 2026, tá sé á mholadh ag an gCoimisiún an tobhach do chraoltóirí teilifíse, craoltóirí raidió / fuaime agus soláthraithe físeán ar éileamh a chur i bhfeidhm bunaithe ar Ioncam Cáilitheach iniúchta do 2024.

Beidh an tobhach do sholáthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne, soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha agus soláthraithe seirbhísí óstála bunaithe ar AMARS atá ar fáil don tréimhse sé mhí idir Feabhra agus Lúnasa 2025.

4.2.3 Soláthraithe seirbhísí iomadúla

Níl aon chomhaireamh dúbailte ar chostais an Choimisiúin agus na tobhaigh ar leithligh á ríomh. Is ionann líon iomlán na dtobhach agus meastachán iomlán na speansas atá le tabhú agus riachtanais chaipitil oibre de chuid an Choimisiúin don tréimhse thobhaigh, a mhéid nach gcomhlíontar iad ar bhealaí eile.

I gcás na dtobhach atá bunaithe ar AMARS i.e. Seirbhísí Ainmnithe ar Líne, Seirbhísí Idirghabhálacha agus Seirbhísí Óstála, gearrtar tobhach in aghaidh na seirbhíse de réir AMARS gach seirbhís inghearrtha, ionas nach mbíonn an tobhach infíochta i ndáil le seirbhís inghearrtha ag brath ar úinéireacht. Léirítear leis sin an cur chuige a ghlac an Coimisiún Eorpach agus an táille mhaoirseachta á ríomh do VLOPanna agus VLOSEnna.

Níl aon chomhaireamh dúbailte ar chostais an Choimisiúin i ndáil le cur i bhfeidhm an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha. Ní mhaoinítear speansasais a thabhaítear ag

³ Seans go ndéanfar mionathruithe ar na gnéithe seo d'Ordú Tobhaigh 2025 mar thoradh ar fhadhbanna comhairliúcháin a leagtar amach sa doiciméad seo.



an gCoimisiún agus iad ag tacú agus ag comhoibriú leis an gCoimisiún Eorpach agus Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile faoi fhorálacha an Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha ar aon bhealach eile. Éilíonn an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha ar Bhallstáit go gcinnteofar go mbíonn na hacmhainní riachtanacha ar fad ag Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, chun ligean do na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha a gcuid tascanna a chur i gcrích agus chun maoirseacht chuí a dhéanamh ar gach soláthraí seirbhísí idirghabhálacha laistigh dá limistéar údaráis. Bíonn siad le clúdach ag tobhaigh a ghearrtar de bhun ordú tobhaigh a rinneadh de bhun Alt 21 den Acht mar gheall air sin, dá bhforálfar sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

4.2.4 Díolúintí de minimus

I gcás na gcraoltóirí teilifíse, na craoltóirí fuaime / raidió agus na seirbhísí ar éileamh, tá iad siúd a bhfuil láimhdeachas níos lú ná €500,000 acu díolmhaithe ó thobhach a íoc.

I gcás na Soláthraithe Seirbhísí Idirghabhálacha, bíonn seirbhísí a bhfuil AMARS níos lú ná 1 mhilliún aici díolmhaithe ó thobhach a íoc.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na díolúintí De minimus sin a choinneáil do Thréimhse Thobhaigh 2026.

4.2.5 Tobhach ar chraoltóirí teilifíse

Ina fhreagra ar chomhairliúchán maidir le hOrdú Tobhaigh 2025, leag an Coimisiún amach an tuairim atá aige nach raibh cúis mhaith le cur chuige bandach a choinneáil i leith an tobhaigh do chraoltóirí teilifíse. Chuir sé in iúl go raibh sé i gceist aige aistriú, i gcás craoltóirí teilifíse, chuig samhail thobhaigh ar ráta a bheadh go hiomlán seasta ó 2026 ar aghaidh. Mar sin féin, ag féachaint don athrú suntasach a bheidh ann do chraoltóirí trí bhogadh go díreach ó shamhail bhandach go samhail ar ráta seasta, chuir an Coimisiún samhail mheasctha i bhfeidhm ar thréimhse thobhaigh 2025 mar chur chuige idirthréimhseach.

I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir leis an gcinneadh roimhe seo, molann an Coimisiún samhail ar ráta seasta a chur i bhfeidhm ar chraoltóirí teilifíse ó Thréimhse Thobhaigh 2026 ar aghaidh.

4.2.6 Airteagal 27 d'Ordú Tobhaigh – Athbhreithniú

Luaitear in Alt 21(6) den Acht: -

“Forálfar le hordú tobhaigh go mbaileofar, go n-íocfar agus go riarfar tobhach, lena n-áirítear [...] (e) breithniú a dhéanamh ar iarratais ó sholáthraithe chun cinntí a athbhreithniú faoin ordú.”



Léirítear é sin in Airteagal 27 d'Ordú Tobhaigh 2025 a chuireann an rogha ar fáil chun cinneadh a athbhreithniú faoi Ordú Tobhaigh 2025 agus go ndéanfar an t-athbhreithniú sin nach déanaí ná 21 lá i ndiaidh dáta an chinnidh ábhartha faoin Ordú Tobhaigh 2025. Ní hiondúil go smaoineoidh an Coimisiún ar iarratas athbhreithnithe a chuirtear isteach lasmuigh den tréimhse 21 lá sin. Chun tacú le seirbhísí inghearrtha a d'fhéadfadh go mbeadh fonn orthu athbhreithniú a lorg faoi Airteagal 27, d'fhoilsigh an Coimisiún doiciméad a leagann amach an próiseas i ndáil le hathbhreithniú faoi Airteagal 27 d'Ordú Tobhaigh 2025.

Is féidir an doiciméad a leagann amach nósanna imeachta athbhreithnithe Airteagal 27 a fheiceáil [anseo](#).

Ar leith uaidh sin, moltar go ndéanfar leasú beag ar fhoclaíocht reatha Airteagal 27 chun go n-aillíneoidh sí níos beachte le foclaíocht Alt 21(6)(e) den Acht.

5. Fadhanna Comhairliúcháin

Tarraingíonn an t-alt seo den Chomhairliúchán aird ar na réimsí sin ina gcuirtear fáilte roimh thuairimí faoi athruithe féideartha nó nuair atá faisnéis bhreise ar fáil a dhéanann eolas do chuir chuige maidir le tobhaigh atá ann cheana. Faoi réir breithnithe a dhéanamh ar aighneachtaí a fhaightear ó pháirtithe leasmhara, moltar gnéithe eile den chur chuige a glacadh mar chuid d'Ordú Tobhaigh 2025 a choinneáil gan leasú.

Tá an Coimisiún ag lorg tuairimí maidir leis na cúrsaí seo a leanas mar chuid dá Chomhairliúchán ar Ordú Tobhaigh 2026.

5.1 Tobhaigh Theilifíse agus Físeán ar Éileamh

Mar chuid den chomhairliúchán 2024 ar Ordú Tobhaigh 2025, chinn an Coimisiún tobhaigh ar leith a bheith aige do chraoltóirí teilifíse agus do sholáthraithe físeán ar éileamh ar an mbonn nach raibh faisnéis leordhóthanach ann chun cur ar chumas an Choimisiúin tionchar tobhaigh chomhcheangailte a thuar go cruinn. D'aithin an Coimisiún go raibh buntáistí ag baint le tobhach comhcheangailte sa mhéid gur fhág sin nár ghá don Choimisiún a chuid costas a chionroinnt idir teilifís agus físeán ar éileamh, agus nár ghá do chraoltóirí ag a raibh cistí poiblí á bhfáil a maoiniú poiblí a chionroinnt idir seirbhísí a d'iompair an t-ábhar céanna den chuid is mó.

D'athbhreithnigh an Coimisiún na sonraí atá ar fáil. Ag féachaint do na sonraí sin, molann sé tobhaigh ar leith a choinneáil don teilifís agus d'fhíseán ar éileamh. Cé go bhfuil buntáistí féideartha ann (mar a leagtar amach thuas), tharraing anailís an Choimisiúin aird ar an bhfíric go méadófar íocaíochtaí tobhaigh a dhéantar ag soláthraithe físeán ar éileamh amháin go suntasach le laghdú suntasach iarmhartach sna híocaíochtaí a dhéanann na craoltóirí má chomhcheanglaítear na tobhaigh seo.



Measann an Coimisiún nach mbeadh athrú dá leithéid cuí. Tá an Coimisiún den tuairim go léiríonn na socruithe reatha an difear idir costais an Choimisiúin maidir le feidhmeanna a bhaineann le soláthraithe físeán ar éileamh amháin a ghlanadh ar bhealach níos cruinne agus na costais feidhmeanna glanta a bhaineann le craoltóirí a thairgeann seirbhísí físeán ar éileamh chomh maith. Dá bhféadfadh a bheith ag súil le go mbeadh tionchar beag ag athrú ar íocóirí tobhaigh, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé sin inmhianaithe ar chúiseanna riaracháin atá cost-éifeachtúil agus simplí. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil an chuma ar an scéal gur dócha go ndéanfaidh an t-athrú difear ábhartha do sholáthraithe físeán ar éileamh amháin, ceapann an Coimisiún gur fearr an cur chuige reatha a choinneáil.

Ina theannta sin, is dócha go mbeidh tionchar ar sheirbhísí nuálacha nua má mhéadaítear an méid atá infíoitha ag soláthraithe físeán ar éileamh amháin, ar dócha gur seirbhísí físeán ar éileamh a bheidh ann seachas craoltóirí. Ina theannta sin, cuireann an leanúnachas rialála in iúl nach gá athrú a dhéanamh mura bhfuil cúiseanna an-láidir ann déanamh amhlaidh.

- **Ceist Chomhairliúcháin 1:** An bhfuil aon tuairim agat maidir leis an togra chun tobhaigh ar leith a choinneáil do sholáthraithe teilifíse agus soláthraithe físeán ar éileamh? Leag amach na cúiseanna atá le do thuairim agus aon fhaisnéis tacaíochta, nuair is iomchuí.

5.2 Liosta Beo na Soláthraithe Seirbhísí Idirghabhálacha

Ní bhaineann an tobhach do Sholáthraithe Seirbhísí Idirghabhálacha (ISPanna) ach le soláthraithe ardán ar líne agus inneall cuardaigh ar líne agus ní áirítear seirbhísí cainéil fhóraigh, seirbhísí taiscthe ná seirbhísí óstála nach bhfuil ina n-ardáin ar líne.

I gcomhthéacs an Chomhairliúcháin ar an tobhach do thréimhse thobhaigh 2025 agus ceal aon oibleagáid reachtúil fógra a thabhairt do ISPanna, thug an Coimisiún faoi deara go raibh seans ann nach mbeadh sé in ann gach seirbhís idirghabhálach a aithint, go háirithe iad siúd a bhfuil AMARS beag acu.

Bhí an Coimisiún ag súil le go mbainfeadh formhór a iarrachta rialála le rialáil ardán ar líne agus inneall cuardaigh a bhfuil níos mó ná 1 mhilliún AMARS acu chomh maith. Cruthaíodh go bhfuil sé sin ceart. Tá an Coimisiún ag moladh an tairseach AMARS 1 milliún a choinneáil do Thréimhse Thobhaigh 2026.

Le linn 2025, tá an Coimisiún ag obair i dtreo liosta beo de ISPanna a bheidh faoi limistéar údaráis forfheidhmithe agus maoirseachta an Choimisiúin a thiomsú. Beidh faisnéis sa liosta maidir le cé acu gur cainéal fórach, seirbhís taiscthe, seirbhís óstála, ardán ar líne, inneall cuardaigh ar líne, Ardán An-Mhór Ar Líne, agus/nó Inneall Cuardaigh An-Mhór Ar Líne atá sa tseirbhís. Cuirfear in iúl do sholáthraithe nuair atá siad ar an liosta agus beidh deis acu uiríll a dhéanamh maidir le cé acu ar cheart go bhfanadh seirbhís ar an liosta nó nár cheart, chomh maith leis an mbealach a dhéantar an tseirbhís a chatagóiriú.

Úsáidfear an liosta beo chun eolas a dhéanamh do ghlanadh feidhmeanna an Choimisiúin faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.



Tá sé beartaithe go ngearrfaidh Ordú Tobhaigh 2026 táille ar gach ardán ar líne agus inneall cuardaigh ar líne a liostaítear ar an liosta beo ISPanna ar an 31 Nollaig 2025 **agus** a bhfuil 1 milliún AMARS nó níos mó acu.

- **Ceist Chomhairliúcháin 2:** An bhfuil aon tuairim agat faoin gcur chuige molta maidir le tobhach a ghearradh ar ISPanna ar bhonn an liosta beo de ISPanna atá á thiomsú ag an gCoimisiún le linn 2025? Leag amach na cúiseanna atá le do thuairim agus aon fhaisnéis tacaíochta, nuair is iomchuí.

5.3 AMARS – Úsáideoirí atá Logáilte isteach agus Logáilte amach

Tá ríomh an tobhaigh do sholáthraithe Seirbhísí Ainmnithe ar Líne, ISPanna agus Soláthraithe Seirbhísí Óstála bunaithe ar líon na nAMARS. Úsáidtear AMARS mar bhonn don tobhach toisc gur athróg ionadach iad maidir le hacmhainn chun íoc.

I dtéarmaí modheolaíochta do ríomh an AMARS, tá ríomh an tobhaigh do 2025 bunaithe ar AMARS d'úsáideoirí atá 'logáilte isteach' seachas úsáideoirí atá logáilte isteach agus logáilte amach nó 'AMARS Iomlán' a chur san áireamh. Is éard is cúis leis sin ná na deacrachtaí a bhain le húsáideoirí uathúla a bhí 'logáilte amach' a aithint agus le húsáideoirí a bhí 'logáilte isteach' agus 'logáilte amach' a dhídhúbáil.

Tá tuairimí á lorg ag an gCoimisiún maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart méadracht eile a úsáid chun faisnéis bhreise a chur ar fáil maidir le húsáideoirí seirbhíse agus modh aitheanta úsáideoirí seirbhísí níos fearr a chur ar fáil ar mhaithe leis na tobhaigh atá le cur i bhfeidhm a ríomh. Mar shampla, baineann seirbhísí ar líne úsáid as raon aitheantóirí uathúla chun úsáideoirí éagsúla a idirdhealú ar a gcuid seirbhísí a oibríonn má tá an t-úsáideoir logáilte isteach nó nach bhfuil. Ar an dóigh chéanna, is féidir le húsáideoirí ceannacháin a dhéanamh mar "aíonna" in áit an mhargaidh ar líne seachas logáil isteach. D'fhéadfadh go mbeadh líon iomlán na n-úsáideoirí atá logáilte isteach agus na n-úsáideoirí a dhéanann ceannacháin mar aíonna níos fearr mar athróg ionadach maidir le hacmhainn chun íoc ná úsáideoirí atá logáilte isteach leo féin. Toisc gur féidir úsáideoirí a dhéanann ceannacháin mar aíonna a aithint, seans go mbeidh baol níos ísle ann go gcomhairfí úsáideoirí aonair níos mó ná uair amháin.

Tá tuairimí á lorg ag an gCoimisiún mar chuid den Chomhairliúchán seo i dtaobh ar féidir méadracht eile a úsáid, cén mhéadracht a bheadh ann agus an chaoi a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm go réalaíoch. Tá tuairimí á lorg maidir le hindéantacht cur i bhfeidhm aon mhéadrachta nua do Thréimhse Tobhaigh 2026.

- **Ceist Chomhairliúcháin 3:** An bhfuil aon togra agat maidir le méadracht eile a d'fhéadfadh an Coimisiún úsáid a bhaint aisti chun úsáideoirí a aithint chun críche AMARS a ríomh mar aon leo siúd atá logáilte isteach? Má tá, sonraigh na tograí atá i gceist, an chaoi a bhfeabhsaíonn siad an cur chuige reatha atá á ghlacadh ag an gCoimisiún agus cé chomh hindéanta a bheadh sé iad a chur i bhfeidhm do Thréimhse Tobhaigh 2026.



5.4 Teanga na sceideal a ailíniú le hAlt 21 den Acht

Tá sé luaithe in Airteagal 5 d'Ordú Tobhaigh 2025 go bhféachfaidh An Coimisiún lena chinntiú go mbeidh méid tobhaigh ar bith a fhorchuirfear ar sholáthraithe maidir leis an tréimhse thobhaigh leordhóthanach chun íoc as speansais an Choimisiúin a tabhaíodh go cuí agus a riachtanais chaipitil oibre sa tréimhse thobhaigh, a mhéid is nach n-íoctar as na speansais agus riachtanais sin ar aon bhealach eile. Léirítear leis seo alt 21 den Acht, Alt 21(4) go sonrach.

Tá sé á mholadh ag an gCoimisiún go leasófar an fhoclaíocht sna Sceidil ar an Ordú Tobhaigh chun léiriú níos fearr a dhéanamh ar theanga an Achta. Go sonrach, nuashonrófar tagairtí san fhoirmle atá san áireamh leis na Sceidil ionas go gcuirfear tagairtí do '*cion speansas agus riachtanais chaipitil oibre atá le gnóthú ón earnáil*' in áit na dtagairtí atá ann do '*costais rialaithe mheasta san earnáil*'. Moltar go bhforálfadh Ordú Tobhaigh 2026 go ríomhfar an cion seo de réir na modheolaíochta a fhorordaítear le hAlt 21(5) den Acht i.e. gur cheart go mbeadh an cion i gcomhréir leis do na speansais atá i gceist le feidhmeanna glanta a bhaineann leis an tseirbhís inghearrtha i ngach catagóir. Moltar an t-athrú sin ar mhaithe le soiléireacht, agus toisc go bhféadfadh go bhféachfaí chuige go seasfaidh sé an aimsir ar fáil sa chás go mbronnfar feidhmeanna breise ar an gCoimisiún a bheadh maoiniú ag teastáil uaidh trí mheán tobhaigh.

Ní dhéanfaidh an t-athrú sin difear ar bith in 2024 ná 2025 agus níltear ag súil le go ndéanfaidh sé difear ábhartha in 2026. Is mar gheall ar an bhfíric go dtagann feidhmeanna an Choimisiúin a bhaineann leis na seirbhísí inghearrtha as an reachtaíocht a shainíonn na seirbhísí i ngach catagóir é seo agus toisc go maoinítear na speansais agus na riachtanais chaipitil oibre ar fad a bhaineann le forbairt na meán ag foinsí nach tobhaigh iad.

- **Ceist Chomhairliúcháin 4:** An bhfuil aon tuairim agat maidir leis an athrú foclaíochta a mholtar ar an bhfoirmle i ndáil le costais agus caipiteal oibre a tabhaíodh go cuí? Leag amach na cúiseanna atá le do thuairim agus aon fhaisnéis tacaíochta, nuair is iomchuí.

5.5 Próiseas Dearbhaithe Tobhaigh

Tá an próiseas Dearbhaithe Tobhaigh beartaithe chun leibhéal cinnteachta inghlactha a thabhairt don Choimisiún gur ullmhaíodh ráiteas loncain Cháilitheach agus sonraí AMARS de chuid gach soláthraí seirbhíse go cuí i gcomhréir le riachtanais an Choimisiúin agus Ordú Tobhaigh 2026. Áirítear leis seo soláthraithe seirbhísí inghearrtha a chuireann ráiteas deimhnithe isteach a dheimhníonn a nloncam Cáilitheach; agus/nó ráiteas de AMARS atá logáilte isteach.

Faoi láthair, is iondúil go n-iarrtar aighneachtaí faoi R3/R4 na bliana i ndiaidh na tréimhse tobhaigh ar leith, i bhformáid arna leagan amach ag an gCoimisiún. Mar shampla: do Thréimhse Thobhaigh 2024, lorgóidh an Coimisiún go gcuirfear ráiteas deimhnithe d'loncam Cáilitheach agus Ráiteas AMARS isteach go luath in R4 2025.



Tá an Coimisiún ag smaoineamh ar chastacht an phróisis seo a laghdú tríd an ráiteas deimhnithe a éileamh ag céim na faisnéise tosaigh. Chiallódh sé sin nach mbeadh ceanglas ar sholáthraithe seirbhísí a nloncam Cáilitheach agus/nó sonraí AMARS a chur isteach ag tús na bliana tobhaigh ar dtús a thuilleadh agus ráiteas deimhnithe a chur isteach ansin a dheimhníonn a nloncam Cáilitheach agus/nó ráiteas AMARS bliain ina dhiaidh sin. Breathnaítear air seo mar chinneadh praiticiúil toisc go bhfuil an bhuntréimhse don tobhach atá le teacht gan mhoill dhá bhliain roimh an tréimhse tobhaigh i gcás loncam Cáilitheach deimhnithe. Mar shampla, do Thréimhse Tobhaigh 2026, is í an bhliain féilire 2024 an bhuntréimhse a mholtar d'loncam Cáilitheach deimhnithe. I gcás AMARS, clúdaíonn an ráiteas an tréimhse sé mhí a mholtar idir Feabhra agus Lúnasa 2025. Cuirfear aon athrú ar an bpróiseas reatha i bhfeidhm ón Tréimhse Tobhaigh 2026 ar aghaidh.⁴

Déanfaidh an Coimisiún cumarsáid ar leith le seirbhísí inghearrtha maidir le cur isteach ráiteas deimhnithe d'loncam Cáilitheach agus ráitis AMARS i ndáil le tréimhsí tobhaigh 2024 agus 2025.

- **Ceist Chomhairliúcháin 5:** An bhfuil aon tuairim agat maidir leis na hathruithe beartaithe i ndáil le comhuainiú an Phróisis Dearbhaithe Tobhaigh? Leag amach na cúiseanna atá le do thuairim agus aon fhaisnéis tacaíochta, nuair is iomchuí.
- **Ceist Chomhairliúcháin 6:** An bhfuil aon chúrsa eile i ndáil le hOrdú Tobhaigh 2026 faoina bhfuil tú ag iarraidh tuairim a chur ar fáil, lena n-áirítear an togra chun gnéithe reatha den Ordú Tobhaigh a choinneáil de réir mar a leagtar iad amach in Alt 4 thuas? Sa chás go bhfuil gnéithe eile den Ordú Tobhaigh molta agat le hathrú, leag amach na cúiseanna atá leis agus aon fhaisnéis tacaíochta, nuair is iomchuí.

6. Úsáid faisnéise

6.1 Sonraí pearsanta

Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS"), faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideacht sonraí. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do gach faisnéis phearsanta a chuirtear isteach a chosaint. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir le freagróirí tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta i mbeartas foilsithe an Choimisiúin [anseo](#).

Don phróiseas seo, baileoidh an Coimisiún an t-ainm, an seoladh ríomhphoist agus aon fhaisnéis phearsanta eile a áirítear sna freagraí a fhaightear. Cuirfear ainm an fhreagróra ar an gComhairliúchán agus an freagra a tugadh ar fáil go poiblí. Ní chuirfidh an Coimisiún sonraí teagmhála na bhfreagróirí ar fáil go poiblí, amhail seoladh, uimhir theileafóin nó ríomhphost.

⁴ Is féidir rochtain a fháil ar an bpróiseas dearbhaithe tobhaigh reatha anseo:- <https://www.cnam.ie/about/reports-finances/levy/levy-assurance-process/>



Ní bhainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhaileofar ach chun críocha an Chomhairliúcháin seo agus ní chun críche ar bith eile. Marcáil go soiléir aon fhaisnéis a mheastar a bheith faoi rún i do fhreagra.

6.2 Faisnéis rúnda

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra ar an gComhairliúchán a fhoilsiú. Tabhair do fhreagra mar dhoiciméad neamhrúnda, agus faisnéis rúnda in iarscríbhinn ar leith, nó cuir leagan neamhrúnda folaithe isteach in éineacht le do fhreagra. Déileálfaidh an Coimisiún le faisnéis rúnda i gcomhréir lena [Threoirlínte Comhairliúcháin](#) a foilsíodh ar an 28 Meitheamh 2023.

6.3 Saoráil faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh an Choimisiúin faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leat faoi fhaisnéis a mharcálann tú mar a bheith rúnda sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarraidh ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

